Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15838/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0412(NLE)**

**AELE 45**
**EEE 42**
**N 72**
**ISL 36**
**FL 32**
**MI 924**
**EF 371**
**ECOFIN 1301**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 706 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE (Taisclanna Lárnacha Urrús - Lichtinstéin) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 706 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 706 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.12.2022
COM(2022) 706 final

2022/0412 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Taisclanna Lárnacha Urrús - Lichtinstéin)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i dtaca leis an gCinneadh ó Chomhchoiste LEE a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh agus a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú LEE

Leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('*Comhaontú LEE*') ráthaítear cearta agus oibleagáidí comhionanna laistigh den Mhargadh Inmheánach le haghaidh saoránach agus oibreoirí eacnamaíocha in LEE. Déantar foráil ann maidir le cuimsiú reachtaíochta de chuid an Aontais lena gcumhdaítear na ceithre shaoirse ar fud 30 Stát LEE, mar atá Ballstáit an Aontais, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin. Thairis sin, cumhdaítear le Comhaontú LEE comhar i réimsí tábhachtacha eile amhail taighde agus forbairt, oideachas, beartais shóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, turasóireacht agus cultúr, réimsí a dtugtar beartais '*tionlacain agus chothrománacha*' orthu i dteannta a chéile. Tháinig Comhaontú LEE i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994. Is páirtí i gComhaontú LEE é an tAontas in éineacht lena Bhallstáit.

### 2.2. Comhchoiste LEE

Tá Comhchoiste LEE freagrach as Comhaontú LEE a bhainistiú. Is fóram é chun tuairimí a bhaineann le feidhmiú Chomhaontú LEE a mhalartú. Is de chomhthoil a dhéantar cinntí ón gComhchoiste agus tá siad ina gceangail ar na Páirtithe. Is í Ardrúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as ábhair LEE a chomhordú ar thaobh an Aontais.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhchoiste LEE

Táthar ag súil go nglacfaidh Comhchoiste LEE Cinneadh ó Chomhchoiste LEE ('*an gníomh atá beartaithe*') i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE.

Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) 236/2012[1], ionchorpraíodh iad i gComhaontú LEE le Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 18/2019 an 8 Feabhra 2019[2] agus tagraítear dóibh i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE.

Le hoiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, deonaítear maolú do Lichtinstéin chun cead a thabhairt do thaisclanna lárnacha urrús tríú tír (*CSDanna*) a bhfuil seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 á soláthar acu cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin leanúint de na seirbhísí sin a sholáthar ar feadh tréimhse suas le 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 18/2019 ó Chomhchoiste LEE an 8 Feabhra 2019.

---

1 IO L 257, 28.8.2014, lch. 1.
2 IO L 60, 28.2.2019, lch. 31.

Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe síneadh a chur leis an maolú a leagadh amach i bpointe 31bf(c) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE go dtí dáta níos déanaí ná an 8 Feabhra 2024, arna iarraidh sin ag Lichtinstéin, ar feadh tréimhse feidhme an mhaolaithe nár cheart a bheith níos faide ná 7 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh ó Chomhchoiste LEE [a bhfuil coinne leis i mí Feabhra 2023]. Dá bhrí sin, cheadófaí leis an ngníomh atá beartaithe do thaisclanna lárnacha urrús tríú tír a bhfuil seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 á soláthar acu cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin cheana féin leanúint de na seirbhísí sin a sholáthar ar feadh tréimhse nach faide ná 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh atá beartaithe. Mar sin féin, sonraítear sa dréacht-Togra go ndéanfar athbhreithniú ar oiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE má dhéantar leasú ar Airteagail 25 nó 69 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 le linn na tréimhse sin.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

### 2.4. Gnéithe eile

**Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Staid Lichtinstéin (oiriúnú 3 (c))

Tá Lichtinstéin agus an Eilvéis nasctha trí ghréasán dlúth conarthaí, lena n-áirítear go háirithe an Conradh um Custaim, 1923 agus an Conradh um Airgeadra, 1980, ar dá mbun a chuimsítear Lichtinstéin (ina bhfuil an Franc Eilbhéiseach ina hairgeadra oifigiúil ó 1921) i limistéar airgeadra na hEilvéise. In earnáil na seirbhísí airgeadais, foráiltear leis an gConradh Airgeadais infheidhmeacht dhíreach rialacha dlíthiúla agus riaracháin de chuid na hEilvéise (*cf.*Iarscríbhinní a ghabhann leis an gConradh Airgeadais). Dá thoradh sin, is gá d'idirghabhálaithe airgeadais ceanglais tuairiscithe de chuid Bhanc Náisiúnta na hEilvéise a chomhlíonadh chun a chur ar a chumas beartais airgeadaíochta a stiúradh. Tá nasc láidir idir an dá thír go stairiúil de thoradh an chomhlimistéir eacnamaíoch agus airgeadra, nasc a bhí fós ann tar éis aontachas Lichtinstéin le Comhaontú LEE.

Ar na cúiseanna sin, tá margadh airgeadais Lichtinstéin comhtháthaithe go hiomlán le bonneagair an mhargaidh airgeadais san Eilvéis agus braitheann sí go mór orthu. D'fhéadfadh aon chur isteach ar an socrú reatha dúshláin a chruthú do rannpháirtithe i margadh airgeadais Lichtinstéin. Dá bhrí sin, foráiltear le hoiriúnú 3(c) go bhféadfaidh taisclanna lárnacha urrús tríú tír a bhfuil seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Rialachán CSDR á soláthar acu cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin cheana féin leanúint de na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) a sholáthar ar feadh tréimhse nach faide ná 7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an dréacht-Chinnidh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo. Mar sin féin, sonraítear sa dréacht-Togra go ndéanfar athbhreithniú ar oiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE má dhéantar leasú ar Airteagail 25 nó 69 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 le linn na tréimhse sin.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Cuireann an Coimisiún an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh mar sheasamh an Aontais. Nuair a ghlacfar é, ba cheart an seasamh a chur i láthair a luaithe is féidir i gComhchoiste LEE.

Leis an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo, cheadófaí do thaisclanna lárnacha urrús tríú tír a bhfuil seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de

Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 á soláthar acu cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin cheana féin leanúint de na seirbhísí sin a sholáthar ar feadh tréimhse nach faide ná 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Tá níos mó ann ná an méid is féidir a mheas mar oiriúnuithe teicniúla de réir bhrí Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle. Is í an Chomhairle, dá bhrí sin, a leagfaidh síos seasamh an Aontais.

# 4. BUNÚS DLÍ

## 4.1. Bunús dlí nós imeachta

### *4.1.1. Na prionsabail*

Déantar foráil le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[3].

### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste LEE a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá Comhaontú LEE. An gníomh a iarrtar ar Chomhchoiste LEE a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle, braitheann sé go príomha ar bhunús dlí substainteach ghníomh dlí an Aontais atá le hionchorprú i gComhaontú LEE.

Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

[3] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Ós rud é go mbaineann an gníomh atá beartaithe le hionchorprú Rialacháin (AE) Uimh. 909/2014 i gComhaontú LEE agus, go sonrach, leis an athrú ar oiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, is iomchuí an Cinneadh seo ón gComhairle a bhunú ar an mbunús dlí substainteach céanna le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014. Dá bhrí sin, is é Airteagal 114 de CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### **4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, agus Airteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme Chomhaontú LEE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

## **5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE**

Ós rud é go leasófar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE leis an ngníomh ó Chomhchoiste LEE, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2022/0412 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE

## (Taisclanna Lárnacha Urrús - Lichtinstéin)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[4], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[5] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE, inter alia, a leasú.

(3) Ionchorpraíodh Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 18/2019 ó Chomhchoiste LEE an 8 Feabhra 2019[7]agus tagraítear dó i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an gComhaontú LEE.

(4) Le hoiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, deonaítear maolú do Lichtinstéin chun cead a thabhairt do thaisclanna lárnacha urrús tríú tír a bhfuil seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 á soláthar acu cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin cheana féin leanúint de na seirbhísí

4 IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

5 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

6 Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012, IO L 257, 28.8.2014, lch. 1.

7 IO L 60, 28.2.2019, lch. 31.

dá dtagraítear in Airteagal 25(2) a sholáthar ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 18/2019 ó Chomhchoiste LEE an 8 Feabhra 2019.

(5) An 2 Samhain 2022, chuir Lichtinstéin iarraidh isteach ar shíneadh a chur leis an maolú dá dtagraítear in aithris 4 a mhairfidh tar éis an 8 Feabhra 2024, ar feadh tréimhse nár cheart a bheith níos faide ná 7 mbliana.

(6) Ba cheart Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun cead a thabhairt do thaisclanna lárnacha urrús tríú tír a bhfuil seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 á soláthar acu cheana féin d'idirghabhálaithe airgeadais i Lichtinstéin nó a bhfuil brainse curtha ar bun acu i Lichtinstéin cheana féin leanúint de na seirbhísí sin a sholáthar ar feadh tréimhse nach faide ná 7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an dréacht-Chinneadh seo atá i gceangal. Mar sin féin, sonraítear sa dréacht-Togra go ndéanfar athbhreithniú ar oiriúnú (c) i bpointe 31bf d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE má dhéantar leasú ar Airteagail 25 nó 69 de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 le linn na tréimhse sin.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais laistigh de Chomhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*